

Foirm Thoilithe S83D



Níl feidhm ag an bhFoirm Thoilithe seo ach amháin nuair atá níos mó ná duine cuntasach amháin ann.

Mar dhaoine cuntasacha féadtar iarraidh ar an duine a thíolaic an tuairisceán Dleachta Stampa ar do shon ('an tíolaiceoir') an t-éileamh aisíocaíochta a dhéanamh. Má iarrann tú ar an tíolaiceoir an t-éileamh aisíocaíochta a dhéanamh, ní gá duit aon rud eile a dhéanamh agus íocfar an aisíocaíocht le cuntas chliant an tíolaiceora.

Más mian leat an t-éileamh aisíocaíochta a dhéanamh mar dhaoine cuntasacha gan cabhair ón tíolaiceoir, ní mór duine cuntasach amháin a ainmniú chun an t-éileamh aisíocaíochta a dhéanamh in ríomh-Aisíocaíochtaí.

Lean na céimeanna thíos:

1. Roghnaigh an duine cuntasach atá ag déanamh an éilimh aisíocaíochta. Is é seo an duine a shíneoidh an Dearbhú agus a dhéanfaidh an t-éileamh in ríomh-Aisíocaíochtaí agus a gheobhaidh an aisíocaíocht.
I gcás díola, is é an ceannaitheoir an duine cuntasach. I gcás bronntanais, is daoine cuntasacha iad an t-aistreoir agus an t-aistrí araon.
Ní mór an Fhoirm Thoilithe a bheith sínithe ag gach duine de na daoine cuntasacha. Ní mór an Fhoirm Thoilithe chomhlánaithe agus an Dearbhú comhlánaithe a bheith ceangailte leis an éileamh aisíocaíochta in ríomh-Aisíocaíochtaí.
2. Agus an fhoirm comhlánaithe, sábháil í mar "Foirm Thoilithe/xxxxxxxxxx [cuir isteach "Uimhir Aitheantais an Doiciméid"] agus ceangail an fhoirm chomhlánaithe le d'éileamh aisíocaíochta. Coinnigh an bhunchóip slán mar go bhféadfaidh sé go n-iarrfaidh na Coimisinéirí loncaim ort í a chur ar fáil.

Toiliú: Aontaíonn muid, a bhfuil ár n-ainm leis seo thíos, i ndáil leis an ionstraim lena mbaineann an Deimhniú Stampa leis an Uimhir Aitheantais Doiciméid _____ [cuir isteach

Uimhir Aitheantais an Doiciméid] gur chóir do _____ [cuir isteach ainm an duine chuntasaigh a bhfuil toiliú á thabhairt agat dóibh leis an éileamh aisíocaíochta a thíolacadh]

an t-éileamh aisíocaíochta a dhéanamh faoi Alt 83D den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

Toilíonn muid chomh maith go ndéanfaidh _____ [cuir isteach ainm an duine chuntasaigh a bhfuil toiliú á thabhairt agat dóibh an t-éileamh aisíocaíochta a dhéanamh agus an aisíocaíocht a fháil] an dearbhú. [Comhlánaigh más cuí]

Ainm i mbloclitreacha: _____

Síniú: _____

Dáta an tsínithe: _____

Ainm i mbloclitreacha: _____

Síniú: _____

Dáta an tsínithe: _____

Ainm i mbloclitreacha: _____

Síniú: _____

Dáta an tsínithe: _____

Ainm i mbloclitreacha: _____

Síniú: _____

Dáta an tsínithe: _____

Ainm i mbloclitreacha: _____

Síniú: _____

Dáta an tsínithe: _____

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.